

COISTE NA GAEILGE



**Cruinniú Déardaoin
29 Bealtaine 2014
Seomra an Bhoird,
Teach an Phropaist
3.00pm**

**Meeting Thursday
29 May 2014
Board Room,
Provost's House,
3.00pm**

DRÉACHT-MIONTUAIRISÍ

DRAFT MINUTES

I láthair:

- Ball Tofa den Bhord (sa Chathaoir) – Liam Dowling
- Oifigeach na Gaeilge (sealadach) – Aoife Crawford (Rúnaí)
- Rúnaí an Choláiste – John Coman
- Déan – an tOll. Joseph Barry (Pro-Déan)
- An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Caoimhe Ní Lochlainn
- An Leabharlann – Clíona Ní Shuilleabháin
- Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Annah Kenna (leas-reachtair)
- Aontas na nIarchéimithe – Caitlín Nic Íomhair
- Roinn na Gaeilge – An Dr Eoin Mac Cárthaigh
- Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – An Dr Colm Ó Dúnlaing
- Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Deirdre D'Arcy

1. Leithscéalta:

- Cláráitheoir na Seomraí – An Dr Bridget Kane
- Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Patricia O'Beirne
- Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Carmel O'Sullivan

Present:

- Elected Board Member (in the Chair) – Liam Dowling
- Irish Language Officer (acting) – Aoife Crawford (Secretary)
- Secretary to the College – John Coman
- Dean – Prof. Joseph Barry (Pro-Dean)
- Administrative and Support Area – Caoimhe Ní Lochlainn
- Library – Clíona Ní Shuilleabháin
- Auditor of An Cumann Gaelach – Annah Kenna (Vice-auditor)
- Graduate Students' Union – Caitlín Nic Íomhair
- Department of Irish – Dr Eoin Mac Cárthaigh
- Faculty of Engineering, Mathematics and Science – Dr Colm Ó Dúnlaing
- Faculty of Health Sciences – Dr Deirdre D'Arcy

1. Apologies:

- Registrar of Chambers – Dr Bridget Kane
- Irish Language Officer of the Students' Union – Patricia O'Beirne
- Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Carmel O'Sullivan

2. Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí chruinniú an 25 Feabhra 2014.

3. Ag éirí as na miontuairiscí

D'iarr an coiste tuilleadh eolais faoin phróiseas roghnaithe don chonradh nua ar sheirbhísí aistriúcháin Ghaeilge a sholáthar. Tugadh eolas ar an staid ina bhfuil an próiseas faoi láthair. Tá an conradh a bhí ag Coláiste na Tríonóide le Europus le 3 bliana anuas thart. Iarradh ar 3 chomhlacht (Europus, Translation.ie agus WordPerfect) meastachán agus eolas eile a thabhairt maidir le conradh nua. Tá an comórtas fós ag dul ar aghaidh. Comh-chonradh a bheidh ann arís idir Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, agus Institiúid Teicneolaíochta Baile Átha Cliath.

Chuir Ionadaí an Limistéir Riaracháin agus Tacaíochta síos ar an taithí a bhí aici féin le seirbhísí aistriúcháin go dtí seo mar Phreasoifigeach an Choláiste – go mbíonn moill ag baint le preas-ráitis. Dúradh gur chóir éileamh a chur ar cibé comhlacht a roghnófar na cáipéisí seo a dhéanamh taobh istigh de 24 uair.

Deimhníodh don choiste go bhfuil liosta na mball foirne sa Choláiste atá sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge thuas ar líne, agus go ndéanfar athnuachan ar an liosta roimh i bhfad chomh maith.

Ní raibh aon ní eile ag éirí as na miontuairiscí.

4. Fáilte roimh bhaill nua

Chuir an coiste fáilte roimh na baill nua: Caoimhe Ní Lochlainn mar Ionadaí an Limistéir Riaracháin agus Tacaíochta; Caitlín Nic Íomhair mar Ionadaí Aontais na nIarchéimithe; agus Annah Kenna, Leas-Reachtair an Chumainn Ghaelaigh a bhí i láthair in áit Fhionn Ó Deá, Reachtair an Chumainn Ghaelaigh 2014/15. Ní raibh Patricia O'Beirne, Oifigeach na Gaeilge in Aontas na Mac Léinn 2014/15, in ann freastal ar an chruinniú.

5. Tuairisc an Oifigigh Gaeilge

Pléadh príomh-phointí na tuairisce go mion, agus pléitear leo siúd in uimhreacha 8-12 seo thíos. Pléadh na pointí eile seo thíos ón tuairisc chomh maith:

2. Minutes

The minutes of the meeting of 25 February 2014 were accepted.

3. Matters arising

The committee asked for further information regarding the selection process for the new contract for provision of Irish translation services. The committee were updated on the current stage of the process. The contract that Trinity College has had with Europus for 3 years is now over. Three companies (Europus, Translation.ie and WordPerfect) have been asked for quotation and other information regarding a new contract. The competition is still ongoing. The contract will once more be a joint contract for services to Trinity College, University College Dublin and Dublin Institute of Technology.

The Representative of the Administrative and Support Area described her own experience of translation services as College Press Officer – that press releases are often delayed. It was said that whichever company is chosen should be required to return these kinds of documents within 24 hours.

It was confirmed that the list of staff members in College who are happy to do business in Irish is online, and also that the list will be updated before long.

There were no other matters arising from the minutes.

4. Welcome to new members

The committee welcomed its new members: Caoimhe Ní Lochlainn as Representative of the Administrative and Support Area; Caitlín Nic Íomhair as Representative of the Graduate Students' Union; and Annah Kenna, Vice-Auditor of An Cumann Gaelach who attended in the stead of Fhionn Ó Deá, Auditor of An Cumann Gaelach 2014/15. Patricia O'Beirne, Irish Language Officer of the Students' Union 2014/15, was unable to attend the meeting.

5. Report of the Irish Language Officer

The major points of the report were discussed in detail, and those are dealt with in numbers 8-12 below. These other points from the report were also discussed:

Ciorcal comhrá na Leabharlainne

Tá ciorcal comhrá curtha ar bun ag foireann na Leabharlainne le deis a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag cur seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil an teanga a chleachtadh i suíomh neamhfhoirmeálta. Dúirt Ionadaí na Leabharlainne go bhfuil ag éirí go maith leis an chiorcal comhrá.

Traenáil teanga

Tá traenáil leanúnach ag dul ar aghaidh le beirt in Oifig an Phrofaist. Reachtálfar dianchúrsaí traenála i rith an tsamhraidh d'fhoireann na Leabharlainne agus na hOifige Fiosrúchán.

Imeachtaí

- Tá ráth ar an Chéadaoin @ an Bhutrach fós le timpeall 12 ann gach seachtain (sa téarma teagaisc).
- Chuir Scoil an Oideachais tús le Lón Gaeilge d'fhoireann an Choláiste (gach Céadaoin ag 1pm) atá an-mhaith le cainteoirí Gaeilge a tharraingt le chéile. Tugann Oifig na Gaeilge cuid urraíochta do shólaistí.
- Reachtáladh seisiún eolais do mhic léinn ar CV agus próifíl LinkedIn a scríobh do ghairmeacha Gaeilge i mí Márta, i gcomhar leis an tSeirbhís Ghairmthreorach agus le tacaíocht ó Roinn na Gaeilge.
- Tugadh turais treoraithe trí Ghaeilge ar an champas agus ar an Leabhar Ceanannais do dhaltáí gaelscoile i mí Aibreán, i gcomhar le Feachtas (eagraíocht Gaeilge don aos óg). Cuireadh an Coláiste go mór chun cinn tríd an imeacht seo agus déanfar iarracht seirbhís rialta a chur ar fáil sa toadhchá (i gcomhar leis An Chumann Gaelach).

6. Tuairisc Airgeadais

Chuir Oifigeach na Gaeilge dréacht-tuairisc airgeadais ar fáil don Choiste. Táthar ag glacadh leis an tuairisc mar dhréacht mar níl teacht ag Oifigeach na Gaeilge ar thuairiscí iomlána ó FIS faoi láthair. Tá na figiúirí ag teacht le figiúirí blianta eile, a bheag nó a mhór.

D'fhiafraigh Ionadaí Roinn na Gaeilge cén áit óna dtagann an t-airgead i mbuiséad Oifig na Gaeilge (leithdháileadh bliantúil ón Choláiste, agus deontas ón UAO a athnuachtar ar bhonn bliantúil). D'fhiafraigh sé an bhfuil aon bhaol ann go ngearrfar siar ar an bhuiséad ar an bhliain seo chugainn. D'fhreagair Rúnaí an Choláiste go bhfuil buiséad Oifig na Gaeilge mar chuid de bhuiséad Oifig an Rúnaí agus go bhfuil buiséid timpeall an Choláiste á bplé faoi láthair.

Library conversation circle

Library staff have founded a conversation circle to give those who provide services through Irish an opportunity to practice the language in an informal setting. The Representative of the Library said that the conversation circle is going well.

Language training

Two staff members in the Office of the Provost are undertaking continuous training. Intensive training courses will be organised over the summer for staff in the Library and the Enquiries Office.

Events

- An Chéadaoin @ an Bhutrach, the weekly public conversation circle, is continuing to do well, with around 12 attending every week (during the teaching term).
- The School of Education has begun an Irish Language Lunch for College staff (every Wednesday at 1pm), which is very good for bringing Irish speakers together. The Irish Language Office part-funds the refreshments.
- An information session for students on writing a CV and LinkedIn profile for Irish language careers was held in March, by the Irish Language Office and the Careers Service, with support from the Irish Department.
- Guided tours of campus and the Book of Kells were given to students from an Irish-medium school in April, in conjunction with Feachtas (an Irish language youth organisation). The College received very favourable publicity through this event and efforts will be made to provide a regular service in the future (in partnership with An Cumann Gaelach).

6. Financial Report

The Irish Language Officer provided a draft financial report to the Committee. The report is considered to be a draft as full financial reporting on FIS is currently unavailable to the Irish Language Officer. The figures largely accord with figures from other years.

The Representative of the Department of Irish asked where the money in the Irish Language Office budget comes from (an annual allocation from College, and a grant from the HEA that is renewable on an annual basis). He enquired as to whether there is any danger that the budget will be cut next year. The Secretary to the College responded that the Irish Language Office budget is part of the Secretary's Office budget and that budgets across College are under discussion at present.

D'fhiafraigh an Pro-Déan cé mhéad duine a bhíonn ag freastal ar gach rang Gaeilge agus conas a dháiltear an praghas (€90 do gach rang, is cuma cé mhéad daltaí atá ann). Dúirt Oifigeach na Gaeilge nach gcuirtear rang ar fáil muna bhfuil 10 daltaí cláraithe, agus go mbeidh an Conradh le Conradh na Gaeilge, solathróir na ranganna, nuashonraithe i 2014/15.

7. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh

Labhair Leas-Reachtair an Chumainn Ghaelaigh faoi na smaointí atá ag an choiste nua le haghaidh fhorbairt an Chumainn i 2014/15:

- Leabhar faoi stair an Chumainn (agus na gnáth-fhoilseachán chomh maith, i.e. *An Scríbhneoir Óg* agus 3 eagrán de *Thuathal*)
- Níos mó béim ar an Chiorcal Comhrá, trí théamaí a phlé gach seachtain agus trí bhaill a thabhairt ar thurais
- Turas go Béal Feirste

Tá seans ann nach mbeidh urraíocht "Seachtain 4" ar fáil ó Lár-Choiste na gCumann i 2014/15 ach leanfaidh an Cumann Gaelach ar aghaidh le himeachtaí Lá na Gaeilge sa cheathrú seachtain den chéad téarma mar is gnáth.

Chuir an Leas-Reachtair síos ar na duaiseanna uilig a bhuaigh an Cumann Gaelach i 2013/14: An Cumann Mór is Fearr, An Cumann is Fearr ar an Iomlán, agus an Duine is Fearr (Niamh Ní Chróinín, Reachtair) ag Gradam Lár-Choiste na gCumann; An Cumann Gaelach is Fearr (don tríú bliain as a chéile) agus an Duais Trasteorainn ag Gradaim naisiúnta Ghlór na nGael don Tríú Leibhéal; agus Feachtas Gaeilge na Bliana ag Gradaim Aontais na Mac Léinn in Éirinn.

Dúirt an Cathaoirleach leis an Leas-Reachtair gur labhair an Propast faoi éachtaí an Chumainn Ghaelaigh ag cruinniú Boird le déanaí, agus gur ghabh an Propast comhghairdeachas le Niamh Ní Chróinín agus le baill uile an Chumainn.

8. An tAcht Teanga agus na Scéimeanna Teanga

Tá an Dara Scéim Teanga i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2013, agus tá sé ar fáil go forleathan timpeall an Choláiste (mar chóip chrua agus ar líne).

The Pro-Dean asked how many people attend each Irish class and how the price is divided (€90 for each class, no matter how many students are in the class). The Irish Language Officer stated that classes are not provided where fewer than 10 students are registered, and that the contract with Conradh na Gaeilge, the class provider, will be renewed in 2014/15.

7. Report of An Cumann Gaelach

The Vice-Auditor of An Cumann Gaelach spoke about the ideas the new committee has for the development of the society in 2014/15:

- A book about the history of An Cumann Gaelach (as well as the normal publications, i.e. *An Scríbhneoir Óg* and 3 editions of *Tuathal*)
- More emphasis on the conversation circle, through introducing weekly topics of discussion, and bringing members on trips
- A trip to Belfast

There is a possibility that the "Week 4" funding will not be available from the Central Societies Committee in 2014/15 but An Cumann Gaelach will continue as normal with the Irish Language Day events in the fourth week of the first term.

The Vice-Auditor detailed the prizes won by An Cumann Gaelach in 2013/14: Best Large Society, Best Society Overall and Best Individual (Niamh Ní Chróinín, Auditor) at the Central Societies' Committee Awards; Best Irish-language Society (for the third year in a row) and the Cross-border Prize at the national Glór na nGael Awards for Third Level Institutions; and Irish-language Campaign of the Year at the Union of Students in Ireland Awards.

The Chair informed the Vice-Auditor that the Provost spoke about the achievements of An Cumann Gaelach at a recent Board meeting, and that the Provost wished to congratulate Niamh Ní Chróinín and all the members of An Cumann Gaelach.

8. The Language Act and the Language Schemes

The Second Language Scheme is in effect since November 2013, and it is widely available around College (in hard copy and online).

Tá rialacháin maidir le fógartí taifeadta béil i bhfeidhm ó mhí Iúil 2013. Tá teachtaireachtaí dátheangacha i bhfeidhm i neart áiteanna cheana féin. Tá Oifig na Gaeilge ag tabhairt tacaíochta do rannóga na rialacháin seo a chomhlíonadh trí thaifid fuaim agus cóitseáil foghraíochta a chur ar fáil. Mhol Ionadaí Roinn na Gaeilge gur chóir d'Oifigeach na Gaeilge an taifead glórphoist féin a dhéanamh sa chás nach bhfuil Gaeilge ag an té a dhéanann an taifead Béarla. Tabharfar an rogha sin do rannóga as seo amach.

Tá Oifigeach na Gaeilge ag díriú isteach faoi láthair ar an dá réimse ina bhfuil an obair is mó fós le déanamh ag an Choláiste dar le tuairisc an Choimisinéara Teanga, Samhain 2013 (a bhí an-sásúil ar an iomlán): comharthaíocht dhátheangach agus leathanaigh ghréasáin Ghaeilge. Tá obair leanúnach ag dul ar aghaidh idir Oifig na Gaeilge agus Oifig na bhFoirgneamh le comharthaíocht dhátheangach a chur in áit comharthaíochta Béarla ar bhonn struchtúrtha. Níl ach 9 leathanach gréasáin Gaeilge fós le crochadh agus tá liosta cuimsitheach de na leathanaigh Ghaeilge ag nasc feiceálach ar shuíomh "Gaeilge" an Choláiste.

Tá Oifig na Gaeilge ag obair leis an Oifig Chumarsáide le cinntiú go líonfadh aon bhrandáil nua an reachtaíocht teanga. Tá Oifigeach na Gaeilge ag lorg comhairle an Choimisinéara Teanga go rialta ar an ábhar seo.

9. Na Scéimeanna Cónaithe

Rinne mic léinn na Scéimeanna Cónaithe tograí éagsúla sa dara téarma 2013/14 leis an Ghaeilge chun cinn sa Choláiste: oíche scannán (Harry Potter as Gaeilge), maidin phancóga ar champas agus fiseán faoin Ghaeilge i Halla na Tríonóide ina measc. Léiríodh torthaí na hoibre seo ag Oíche Léiríochtaí na Scéimeanna Cónaithe i mí Aibreáin 2014, agus seoladh Bliainiris na Scéime ar an oíche chéanna.

Beidh 30 áit ar an Scéim Chónaithe 2014/15 – 18 i Halla na Tríonóide agus 12 ar champas. Tá na háiteanna do mhic léinn i mblianta 2-4 tugtha anois. Fuarthas 70 iarratas ar an 12 áit ar Scéim an Champais. Tá iarratais ar Scéim na Céad Bliana ag teacht isteach faoi láthair. Cuireadh eolas faoin Scéim Chónaithe amach chuig gach meánscoil i bPoblacht na hÉireann agus chuig gach meánscoil i dTuaisceart na hÉireann a chuireann an Ghaeilge ar fáil mar ábhar ag an A-leibhéal.

Regulations regarding recorded oral announcements are in effect since July 2013. Bilingual messages are in place in many places already. The Irish Language Office is supporting areas to fulfil these regulations by providing sound recordings and pronunciation coaching. The Representative of the Department of Irish recommended that the Irish Language Officer should speak on the actual voicemail recording in cases where the person who speaks on the English voicemail recording does not speak Irish. This option will be offered to College areas from now on.

The Irish Language Officer is currently focussing on the two areas where the most significant work remains to be done by the College, according to the Coimisinéir Teanga's report of November 2013 (that was very good overall): bilingual signage and Irish-language webpages. The Irish Language Office and the Buildings Office are engaging in ongoing work to replace English-language signage with bilingual signage, according to a structured plan. Only 9 Irish-language webpages remain to go live and a comprehensive list of the Irish-language pages can be accessed through a prominent link on College's "Gaeilge" webpage.

The Irish Language Office is working with the Communications Office to ensure that any new branding complies with the language legislation. The Irish Language Office is regularly seeking advice from An Coimisinéir Teanga on this matter.

9. The Irish language Residency Schemes

The students of the Irish language Residency Schemes implemented several proposals to promote Irish in College in the second term of 2013/14, including a film night (Harry Potter in Irish), a pancake morning on campus and a video about the Irish language in Trinity Hall. The results of their work were shown at the Residency Schemes Presentation Night in April 2014, and the Scheme Yearbook was launched on the same night.

There will be 30 places on the Residency Scheme 2014/15 - 18 in Trinity Hall and 12 on campus. The places for students in 2nd – 4th year have now been awarded. 70 applications were received for 12 places on the Campus Scheme. Applications are currently being received for the First Year Scheme. Information about the Residency Scheme was sent to every school in the Republic of Ireland and to every secondary school in Northern Ireland that offers Irish as an A-level subject.

10. Seomra na Gaeilge

Ar an mheán, i 2014, tá os cionn 100 síniú sa leabhar tinrimh i Seomra na Gaeilge gach seachtain, agus baineann a lán daoine úsáid as an seomra gan an leabhar a shíniú. Tá an t-imeacht rialta nua ‘Anraith agus Arán’ (lón saor in aisce), á eagrú ag an Chumann Gaelach agus á urrú ag Oifig na Gaeilge, ag mealladh timpeall 40 duine isteach go Seomra na Gaeilge gach Céadaoin. Leanfar ar aghaidh leis an imeacht go seachtainiúil i 2014/15.

Cuireadh dearadh samplach ar an chomhartha “sandwich board” do Sheomra na Gaeilge faoi bhráid an Choiste. Pléadh cead isteach go dtí an Seomra agus mhol Oifigeach na Gaeilge go mbeadh cárta rochtana breise ar fáil ó Oifig na Gaeilge le tabhairt ar iasacht do ghrúpaí atá ag cur imeachta ar siúl sa seomra san oíche.

11. Ranganna Gaeilge agus TEG

Bhí Conradh na Gaeilge i mbun na gcúrsaí Gaeilge sa Choláiste in 2013/14 agus fuarthas aiseolas maith ó dhaltai maidir lena gcuid ranganna. Bhí 175 dalta ar na rollaí sa chéad téarma agus bhí 167 ar na rollaí sa dara téarma. Tá sé seo ag teacht le huimhreacha i mblianta eile.

Cuireadh an Teastas Eorpach sa Ghaeilge (TEG) go mór chun cinn sa Choláiste i 2013/14 agus cuirfear leis seo i 2014/15. Aisíocfaidh Oifig na Gaeilge táille an scrúdaithe béil (€50) do bhail foirne a bhíonn ag tabhairt seirbhísí trí Ghaeilge ina gcuid oibre.

12. Gradaim na Gaeilge

Bunófar Gradaim na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide i 2014/15. Cuirfidh na Gradaim le próifíl na Gaeilge sa Choláiste, tabharfaidh siad aitheantas don obair iontach ar son na Gaeilge atá ag dul ar aghaidh sa Choláiste cheana, agus spreagfaidh siad daoine nua leis an Ghaeilge a chur chun cinn.

Cuireadh dréacht-chritéir agus rialacha do na Gradaim os comhair an Choiste, agus glacadh leo.

Cuirfear fáilte roimh gach duine sa Choláiste ainmiúcháin a dhéanamh (trí Ghaeilge nó trí Bhéarla) agus déanfar poiblíocht fhorleathan ar an phróiseas i

10. Seomra na Gaeilge

In 2014, there are over 100 signatures on average in the attendance book in Seomra na Gaeilge (the Irish language Room) every week, and many people use the room without signing the book. The new regular event ‘Anraith agus Arán’ (a free lunch), organized by An Cumann Gaelach and funded by Oifig na Gaeilge, is bringing around 40 people into Seomra na Gaeilge each Wednesday. The event will be continued on a weekly basis in 2014/15.

A sample design of a sandwich-board style sign for Seomra na Gaeilge was presented to the Committee for their consideration. Access to Seomra na Gaeilge was discussed and the Irish Language Officer recommended that the Irish Language Office have an extra access card to loan to groups who are holding an evening event in the room.

11. Irish Classes and TEG

Conradh na Gaeilge provided the College Irish classes in 2013/14 and students gave positive feedback on their classes. 175 students were enrolled in the first term and 167 were enrolled in the second term. This accords with numbers in other years.

The European Certificate in Irish (TEG) was widely promoted in College in 2013/14 and will be promoted further in 2014/15. The Irish Language Office will reimburse the fee for the oral exam (€50) on behalf of staff who provide services through Irish as part of their work.

12. Gradaim na Gaeilge

Gradaim na Gaeilge (Irish Language Awards) will be instituted in Trinity College in 2014/15. The awards will raise the profile of Irish in College, give recognition to the great work that is already being done for Irish in College, and encourage new people to promote Irish.

Draft criteria and regulations for the awards were presented to the Committee and were accepted.

Everyone in College will be welcome to make nominations (through Irish or English) and the process will be widely publicized throughout the year. A subcommittee of the

rith na bliana. Cruthófar fochoiste de Choiste na Gaeilge le buaiteoirí a roghnú ó 5 réimse: Mic léinn aonair; Cumainn (taobh amuigh den Chumann Gaelach); Baill foirne aonair; Seirbhísí; agus Alumni. Bronnfar gradaim i ngach ceann de na catagóir sin ina bhfuil éacht suntasach déanta i réimse na Gaeilge. Beidh critéir marcála ag an fchoiste leis na hainmnithigh a mheas - 40% ar dhíograis an ainmnithigh, 40% ar éifeacht a gcuid díograise ar shaol na Gaeilge sa Choláiste agus 20% ar éifeacht ar shaol an Choláiste agus / nó ar shaol an phobail i gcoitinne. Beidh Oíche Bhronnta i Seomra na Gaeilge i rith an dara téarma teagaisc agus tabharfar trófaí do gach buaiteoir ar an oíche. Crochfar ainmneacha na mbuaiteoirí i Seomra na Gaeilge.

Tugadh moltaí maidir le dáta agus le poiblíocht na hOíche Bronnta: déanfar iarracht an Oíche Bhronnta a chur ar siúl i rith Seachtain na Gaeilge agus gan teacht salach ar imeachtaí eile ar nós Rolla Onóra an Déin. Gheofar bronntóir mór le rá don ócáid. Deimhníodh go mbeadh lán-fáilte roimh bhaill an Chumainn Ghaelaigh cur isteach ar ghradam na mac léinn aonair, agus go gcuirfear obair don Chumann Gaelach san áireamh sa mharcáil, ionas go bhfuil eilimintí eagrúcháin i gceist leis an obair.

12. Aon Ghnó Eile

Níor cuireadh aon ghnó eile os comhair an Choiste.

Tionólfar an chéad chruinniú eile de Choiste na Gaeilge san Fhómhar 2014.

Irish Language Committee will be formed to choose winners from 5 areas: Individual students; Societies (except An Cumann Gaelach); Individual staff members; Services; and Alumni. Awards will be given in all of those categories where exceptional achievement has been made in the area of the Irish language. The subcommittee will have marking criteria to assess the nominees - 40% for the hard work and dedication of the nominee, 40% for the effects of their work on Irish language life in College and 20% for its effect on College life and / or the wider community in general. A Presentation Night will be held during the second teaching term and each winner will be given a trophy on the night. The names of the winners will be displayed in Seomra na Gaeilge.

Recommendations were made regarding the date of the Presentation Night and the publicity for the event: effort will be made to hold the Presentation Night during Seachtain na Gaeilge and not too near to other events such as the Dean's Roll of Honour. A high-profile personality will be asked to present the awards. It was confirmed that members of An Cumann Gaelach are very welcome to apply for the award for an individual student, and that work for An Cumann Gaelach will be included in the marking, so long as elements of organization are involved.

12. Any Other Business

No other business was put to the Committee.

The next meeting of the Irish Language Committee will be called in Autumn 2014.